V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10781 – KB AG / KB SFN / KBJ)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 307/06)

1. An 4 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Knorr-Bremse AG ("KB AG", an Ghearmáin),

— Knorr-Bremse Systeme für Nutzfahrzeuge GmbH ("KB SfN", an Ghearmáin), atá á rialú go comhpháirteach faoi láthair ag KB AG agus ag Robert Bosch GmbH ("Bosch", an Ghearmáin),

— Knorr-Bremse Commercial Vehicle Systems Japan Ltd. ("KBJ", Japan), atá á rialú go comhpháirteach faoi láthair ag KB AG agus ag Bosch.

Gheobhaidh KB AG rialú aonair ar KB SfN agus KBJ, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthróir domhanda córas coscánaithe agus córas eile le haghaidh feithiclí iarnróid agus feithiclí tráchtála é KB AG,

— Cuireann KB SfN réitigh coscánaithe aeroibrithe ar fáil d'fheithiclí tráchtála meánmhéide agus troma, chomh maith le táirgí eile lena n-áirítear réitigh bainistíochta tras-seolta (aonaid gníomhrúcháin cráige agus aonaid rialaithe giaranna), maolairí agus córais stiúrtha,

— Cuimsíonn KBJ an chuid is mó de Ghnó Chórais Feithiclí Tráchtála KB AG sa tSeapáin agus soláthraíonn sé réimse táirgí agus córas le haghaidh trucailí, busanna, leantóirí agus innealra talmhaíochta, go háirithe córais coscánaithe aeroibrithe agus córais stiúrtha, córais cúnta tiománaí, tiomáint uathoibrithe agus rialú leibhéalta leictreonaigh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10781 – KB AG / KB SFN / KBJ

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË